C/2026/1156

20.2.2026

Dírítear aird an Islamic Revolutionary Guard Corps (Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC), a áirítear ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ar an bhfaisnéis seo a leanas

(C/2026/1156)

Dírítear aird an Islamic Revolutionary Guard Corps (Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí) (IRGC) a luaitear freisin san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2026/421 ón gComhairle [1] agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/420 ón gComhairle [2], ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh an grúpa sin a áireamh ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a chumhdaítear le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle [3] maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle [4] maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 an 27 Nollaig 2001, foráiltear go reoitear gach ciste, gach sócmhainn airgeadais, agus gach acmhainn eacnamaíoch eile dá bhfuil ag na daoine, na grúpaí, agus na heintitis sin, agus nach ceadmhach aon chistí, sócmhainní airgeadais ná acmhainní eacnamaíocha eile a chur ar fáil dóibh, go díreach ná go hindíreach.

Dírítear aird an ghrúpa lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a liostaítear iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán d'fhonn údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin.

Féadfaidh an grúpa lena mbaineann iarraidh a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas chun na ráitis ar chúiseanna maidir lena áireamh ar an liosta thuasluaite a fháil:

Comhairle an Aontais Eorpaigh (Faoi chúram: ainmníochtaí COMET)
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Féadfaidh an grúpa lena mbaineann, tráth ar bith, iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh é a áireamh ar an liosta, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh thuasluaite. Déanfar na hiarrataí sin a mheas ach a bhfaighfear iad. I dtaca leis sin, dírítear aird an ghrúpa lena mbaineann ar an athbhreithniú tráthrialta a dhéanann an Chomhairle ar an liosta de réir Airteagal 1(6) de Chomhsheasamh 2001/931/CBES.

Ionas go mbreithneofar barúlacha ag an athbhreithniú atá le teacht, ba cheart an iarraidh thuasluaite ar an ráiteas ar chúiseanna a chur isteach **faoin 6 Márta 2026**.

Dírítear aird an ghrúpa ar an bhféidearthacht agóid a dhéanamh os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh in aghaidh a n-ainmnithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263(4) agus (6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L, 2026/421, 19.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/421/oj.
[2] IO L, 2026/420, 19.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/420/oj.
[3] IO L 344, 28.12.2001, lch. 93.
[4] IO L 344, 28.12.2001, lch. 70.